

# GAIRMEACHA DO CHÉIMITHE AN BHÉALOIDIS

## BÉALOIDEAS AG COC

Le léann an bhéaloidis, cuirtear suim in eolas atá neamhfhoirmiúil, neamhoifigiúil, dúchasach nó ailtéarnach. Díríonn eitneolaithe, béaloideasaithe agus taighdeoirí sa bhéaloideas ar an léann dúchais, ar an antraipeolaíocht chultúrtha, agus ar chruthaitheacht agus ar ealaín an duine tré chéile. Ar an gcúrsa céime seo, féachtar ar bheatha an duine ó bhreith go bás, agus ó bhás amach; ar an saol seo agus ar an saol eile, ó inné go dtí inniu. Cuirtear scéalta, seanchas, nósanna, deasghnátha, féiltí, creideamh, piseoga, teicneolaíocht agus tithíocht na muintire i láthair ar shlí shuimiúil spreagúil thuisceanach.


University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Roinn na
**Béaloideas agus Eitneolaíocht**

# NA BUANNA ATÁ AG CÉIMITHE AN BHÉALOIDIS DO FHOSTÓIRÍ?

Liosta le háireamh na buanna a bhíonn le roinnt ag céimithe sa Bhéaloideas lena bhfostóirí. Mar chuid den gcéim seo, saothraítear réimse leathan scileanna i gcúrsaí taighde, anailíse agus scríbhneoireachta, a chuireann ar chumas an chéimí tionscadail ilchineálacha a thabhairt chun cinn agus a chur i gcrích go slachtmhar. Beidh an céimí oilte sna réimsí seo a leanas:

- Dearadh tionscadal
- Beidh sé/sí in ann taighde bunaidh a chur i gcrích
- Beidh scileanna inoiriúnaithe eitneagrafacha foghlamtha (taifeadadh, agallóireacht, scríbhneoireacht eitneagrafach, eolas curtha ar threalamh digiteach)
- Beidh an céimí in ann saothrú go héifeachtach mar chuid de mheitheal oibre



- Sásta ceannaireacht a ghlacadh ar phleanáil

- Beidh bunachar eolais agus scileanna láithreoireachta inoiriúnaithe sealbhaithe

- Beidh taithí foilsitheoireachta agus eagarthóireachta faighte

- Beidh ar chumas an chéimí anailís neamhspleách a dhéanamh ar fhaisnéis ilchineálach, tré lionsa cultúrtha



# TREOANNA DO CHÉIMITHE AN BHÉALOIDIS

Tá céimithe ag obair i réimsí éagsúla: na meáin chumarsáide (fís agus fuaim); mar mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile; mar léachtóirí ar an 3ú léibhéal; mar chúntóirí/ bainisteoirí cartlainne agus mar chartlannaithe digiteacha; i rannóg na hoidhreachta; i músaeim; mar scríbhneoirí, eagarthóirí agus aistritheoirí; mar oifigigh ealaíne; mar iriseoirí agus léiritheoirí teilfíse agus raidió; i bpleanáil cathrach is tuaithe.

UCC CAREERS

# AN CHÉIM

Cos i dtaca is ea an chéim sa Bhéaloideas a chuirfidh ar chumas an chéimí dul chun cinn agus a thuilleadh taighde agus traenála a dhéanamh sa ngné seo de na daonnachtaí ar leibhéal níos airde. Is é Coláiste na hOllscoile Corcaigh an t-aon choláiste tríú leibhéal in Éirinn a dhéanann speisialtóireacht de bhéaloideas na Gaeilge ar gach aon leibhéal acadúil ón bhfochéim go leibhéal PhD. Tá ceann des na cartlanna béaloidis is mó ar domhan anseo in Eirinn, agus cuid mhór dá bhfuil ar coimeád inti scríofa as Gaeilge. Tá teacht ar fhormór mór an ábhair seo i Leabharlann Boole, COC.

# RÉIMSÍ FOSTAÍOCHTA DO CHÉIMITHE AN BHÉALOIDIS



Is disciplín neamhghnáth, speisialta i measc na ndaonnachtaí é léann an bhéaloidis agus an dúchais as Gaeilge, mar a gcuirtear eolas domhain ar choincheapanna casta, dála 'oidhreacht', 'traidisiún', 'féiniúlacht' agus 'cultúr'. Seachas eolas a chur ar ghnásanna an disciplín agus ar an ábhar féin, sealbhófar agus forbrófar ar an gcúrsa seo scileanna intleachta, sóisialta agus bainistíochta a sheasfaidh leis an gcéimí ar iliomad bealach agus i raidhse postanna i gcaitheamh a s(h)aoil.

- Meáin chumarsáide (fís agus fuaim)
- Múinteoireacht bunscoile agus meánscoile
- Léachtóireacht Ollscoile
- Cúntóirí/bainisteoiricartlainne
- Cartlannaithe digiteacha
- Rannóg na hoidhreachta
- Músaeim
- Scríbhneoirí
- Eagarthóirí
- Aistritheoirí
- Oifigigh ealaíne
- Iriseoirí
- Léiritheoirí Teilfíse agus Raidió
- Pleanáil Chathrach is Tuaithe

Próifíl Céimí 1

## DÁITHÍ DE MÓRDHA



Tar éis dom céim B.A sa Stair agus sa Ghaeilge a bhaint amach in Ollscoil na Gaillí, bhaineas céim M.Phil amach ó Roinn an Bhéaloidis agus na hEitneolaíochta i 2012, agus céim PhD ón Roinn chéanna i 2019. Fé láthair is iriseoir agus fear déanta clár faisnéise mé le RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus taighdeoir neamhspleách. Chuir mo chuid staidéir ar mo chumas scéal mo mhuintire, mo threibhe agus mo náisiúin a insint, bídís ina scéalta ónár stair agus ár n-oidhreacht, nó scéalta atá ag dó na geirbe dúinn ar na saolta seo. Tá foireann na Roinne fé mar a bheadh teaghlach beag – ní haon ionadh go bhfilleas chun PhD a dhéanamh.

Próifíl Céimí 2

## PÁDRAIG Ó DÁLAIGH



Bhaineas mo chéim BA amach sa Ghaeilge agus sa Léann Dúchais anseo i Coláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 2007, rud a leanas le hIarchéim i Léiriúchán Teilefíse in ITP (W.I.T). Táimse ag obair go neamhspléach mar cheamaradóir agus físeagarthóir ag obair go neamhspléach le TG4, RTÉ agus ar an idirlíon chomh maith. Bhíos an-thógtha le mo chuid staidéir, go háirithe i Roinn an Bhéaloidis, ní hamháin don mbunchloch a thugadh dom i scileanna taighde agus ainilíse ach chomh maith le sin na scileanna praiticiúla a aimsíos ag déanamh taighde sa ghort le linn staidéir eitnagrafaíochta, rud a sheasann fós liom.

# TUILLEADH EOLAIS?

LE HAGHAIDH A THUILLEADH EOLAIS, TABHAIR CUAIRT ORAINN, AGUS FÉACH AR ÁR SCANÁIN

TABHAIR CUAIRT AR ÁR DTOGRA TAIGHDE, CORK FOLKLORE PROJECT

ÉIST LE TUAIRIMÍ ÁR MIC LÉINN CUAIRTE AGUS IDIRNÁISIÚNTA

BUAIL ISTEACH GO DTÍ AN CUMANN LE BÉALOIDEAS ÉIREANN / THE FOLKLORE OF IRELAND SOCIETY

GRÉASÁN IDIRNÁISIÚNTA BÉALOIDEASAITHE, A CHUIREANN LÉANN AGUS TAIGHDE I RÉIMSE AN BHÉALOIDIS CHUN CINN, IS EA FOLKLORE FELLOWS

# 12 SLÍ CHUN DO CHÉIM A FHEABHSÚ

01

Glac páirt i saol acadúil na Roinne, ceardlanna, léachtaí, seimineáir, turasanna srl.

02

Cuir eolas ar na féidearthachtaí éagsúla fostaíochta a bheidh ann duit tar éis na céime – músaeim, cartlanna, tionscnaimh phobalbhunaithe nó cumainn stairsheanchais áitiúla.

03

Bain leas as na cúrsaí oiliúna agus traenála a chuirtear ar fáil san Ollscoil.

04

Dearaigh CV nó ardán meán sóisialta i réimse an léinn atá á shaothrú agat.

05

Glac páirt nó cuir tú féin ar fáil le hobair dheonach a dhéanamh i réimsí fostaíochta nó taighde a bhfuil suim ar leith agat iontu.

06

Cuidigh le cumann sóisialta a fhorbairt sa mBéaloideas.

07

Bain leas iomlán as na hacmhainní agus tacaíochtaí éagsúla leabharlainne agus cartlainne a chuirtear ar fáil chun do chuid spéise a aithint is a fhorbairt..

08

Tapaidh deiseanna, de réir mar a éireoidh sa Roinn, le dul i mbun eagarthóireachta agus le hobair cartlainne a thaithí.

09

Féach le halt a fhoilsiú ar ghné éigin den saíocht dhúchais i bhfoilseachán áitiúil nó acadúil.

10

Déan freastal ar chomhdhálacha áitiúla nó náisiúnta sa disciplín.

11

Cláraigh le cumainn phroifisiúnta nó irisí ábhartha.

12

Coimeád dialann nó cleachtaigh an scríbhneoireacht fhéineitneagrafach le do thaighde bunaidh féin a fhorbairt.

# AN RAIBH FHIOS AGAT?

Tá an focal *folklore* comhaois le COC. In Éirinn atá an chartlann béaloidis is mó ar domhan. In COC a tugadh an chéad léacht ar bhéaloideas. COC an taon áit a chleachtann béaloideas as Gaeilge.



# CONTACT US

**UCC Career Services,**
**3 Brighton Villas,**
**Western Road, UCC**

**021 4902500**
**021 4903202**

**Email Careers**

**Email Graduate Recruitment**

## Book an appointment to meet a careers advisor

## Work Placement

## UCC Works Award Programme

Connect with your job

## UCC Careers

## MyStudentJob

## Employability Events

**Careers Fairs, Roadshows, Employer Presentations**

## Volunteering Opportunities